



Téama: Teorainneacha agus droichid - Imirce

Roinn 3: Na meáin ag tuairisciú ar imircigh agus ar an imirce

Cad é an chéad rud a ritheann leat nuair a smaoiníonn tú ar na focail ‘imircigh’ agus ‘imirce’? Is minic go bhféadfadh an chaoi a smaoiníonn tú orthu a bheith faoi thionchar ag na rudaí a chonaic tú ar an teilifís nó ar an idirlíon agus ag na rudaí a léigh tú sna nuachtáin nó a chuala tú ar an raidió faoin gceist seo. Tá, agus bhí riamh, baint mhór ag ábhar ó na meáin leis an tuiscint atá againn ar cad a bheadh i gceist le bheith i d’imirceach agus leis an gcaoi a gcaitheann daoine eile le himircigh; bíodh sin ar bhealaí dearfacha nó ar bhealaí diúltacha.

Rabhadh: Tabhair do d’aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D’fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air seo chun a bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltaí scoile.

Torthaí foghlama na roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- Machnamh a dhéanamh ar an tslí nach dtugann ábhar ó na meáin an comhthéacs nó ‘an pictiúr iomlán’ i gcónaí.
- A tuiscint gur féidir le tuairisciú a bheith claonta ar uairibh; ní bhíonn sé neodrach i gcónaí
- A aithint go bhfuil tuairisciú in ann tionchar a imirt ar dhearccháil agus ar thuairimí daoine

Resources provided

Acmhainn 12 Sleachta as ailt ó na meáin

Acmhainn 13 Scigphictiúir

Gníomhaíocht ranga 1: Tionchar na bhfocal a mheas

Is féidir leis an gcineál teanga a úsáidtear in ábhar ó na meáin tionchar a bheith aige ag thuairimí ar bhealach dearfach agus freisin ar bhealach diúltach; is ionann é sin agus a rá go gcaitear a bheith fíorcháiréiseach i gcónaí sa léamh a bhíonn againn ar ábhar ó na meáin. Cuireann iriseoirí agus tráchtairí eile tuairmíocht inár láthair a bhféadfadh sé gurb é a ndearcadh féin atá ann nó an dearcadh atá ag daoine eile. Is minic go mbíonn cineál áirithe foclaíochta in úsáid acu d’aon ghnó chun an rud atá le rá acu a chur ina luí ar an léitheoir nó chun aire an léitheora a tharraingt. Mar dhream a úsáideann na meáin, caithfidh a bheith ar an airdeall i gcónaí faoina bhfuil á rá linn agus faoin seasamh atá á ghlacadh ag an duine nó ag an eagraíocht atá ag tabhairt an scéala dúinn.

Roinn do rang i 3-4 ghrúpa atá mórán ar cóimhéid. Abair le duine amháin i ngach grúpa nótaí a ghlacadh agus taifead a dhéanamh de thuairimí an ghrúpa, agus aiseolas a thabhairt ag deireadh an cheachta. Scaip Acmhainn 12 ar na daltaí. Sleachta iad seo as nuachtáin laethúla éagsúla nó as leathanaigh nuachta ar líne atá le fáil san Eoraip faoi láthair agus déantar plé sna sleachta sin ar imircigh agus ar shaincheistean a bhaineann leis an imirce. Iarr ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:



ÁRAS STAIR NA HEORPA

- Cad é an dearcadh is láidre i dtaobh na n-imirceach agus i dtaobh na himirce atá le sonrú sna hailt seo?
- Cad iad na focail nó na frásaí a úsáideann na scríbhneoirí chun dul i bhfeidhm orainn go mothaitheach? Cuir ciorcal timpeall orthu.
- Dar leatsa, cén chaoi a rachadh na hailt seo i bhfeidhm ar thuairimí an phobail?

Gníomhaíocht Ranga 2: Na nithe nach n-insíonn na meáin dúinn

Is minic nuair a bhíonn na meáin ag tuairisciú ar imircigh nach dtugtar an scéal iomlán dúinn. Níl ann ach céatadán beag d'imircigh a bhfuil luach an ticéid acu le dul ar eitleán nó ar bhád, nó atá in ann post a fháil agus tús maith a bheith acu san áit nua a bhfuil cónaí orthu. D'fhulaing an tromlach díobh ó chogadh nó ó ghéarleanúint; bhí orthu airgead mór a íoc ar aistear contúirteach agus deacair agus ní bhíonn deis ar bith acu pleanáil a dhéanamh roimh ré chun saol maith a bhaint amach dóibh féin i dtír nua. I gcás go leor daoine a bhíonn ag iarraidh stádas teifigh nó dídeanaí a fháil, níl san aistear chun a gceann scríbe a bhaint amach ach an tús; tús le próiseas eile atá chomh deacair céanna mar go mbíonn orthu fanacht in ionaid choinneála faoi dhálaí uafásacha agus iad ag feitheamh ar feadh míonna, ar feadh blianta amanna, ar chinneadh faoina gcás féin. Cuireann fírinne an scéil isteach orthu go fisiciúil agus go mothaitheach agus is annamh a dhéantar tuairisciú air seo sna meáin.

- Tarraing aird na ndaltaí ar chluiche ar líne *Amnesty International* agus iarr orthu an cluiche sin a imirt chun go bhfaighidh siad amach faoi ghnéithe éagsúla den aistear a rinne imirceach, ar gnéithe iad nár clúdaíodh sa nuacht seans.
<http://www.playagainstodds.ca/>
- Ina dhiaidh sin, iarr ar na daltaí a shamhlú gur iriseoirí iad. Abair leo a shamhlú go ndearna siad agallamh le himirceach atá díreach tagtha go dtí an tír agus alt gearr (1 leathanach) a scríobh faoi na rudaí a dúirt an t-imirceach sin a tharla dó nó di. Spreag iad le machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla, amhail na cúiseanna a bhí ag an imirceach le fágáil, é nó í ag fágáil slán lena mhuintir, an t-aistear féin, teacht go dtí áit eile etc. Más ann don teicneolaíocht i do sheomra ranga, déanadh na daltaí fístaifeadadh ar scéalta a chéile chun go bhféadfar an taifeadadh sin a sheinm don chuid eile den rang. Nuair a bheidh siad críochnaithe, bíodh plé grúpa ann faoin tslí a bhféadfadh na rudaí atá scríofa/taifeadta tionchar a imirt ar dhearcadh na ndaoine a léann nó a fheiceann an tuairisc.

Gníomhaíocht Ranga 3: Scigphictiúir agus steiréitíopaí - na contúirtí a bhaineann leis an tslí a léirítear daoine sna meáin

Is minic a úsáidtear scigphictiúir in ábhar ó na meáin chun trácht a dhéanamh ar dhaoine, ar chásanna nó ar rudaí a tharlaíonn, agus go fiú úsáidtear iad amanna chun fonóid a dhéanamh fúthu. Bíonn siad mealltach don tsúil; bíonn siad ceaptha a bheith greannmhar agus cuireann siad an teachtaireacht in iúl ar bhealach díreach. Mar sin féin, is féidir scigphictiúir a úsáid chun drochmheas a chaitheamh ar ghrúpaí áirithe daoine nó chun fogha a thabhairt fúthu – agus baineadh úsáid as scigphictiúir chuige sin leis na céadta bliain. Is minic a chuidíonn scigphictiúir le steiréitíopaí a chruthú de dhaoine nó de ghrúpaí, nó is minic leo steiréitíopaí atá cheana ann a neartú.

Scaip Acmhainn 13 ar na daltaí agus abair leo na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú:

- Dar leatsa, cén teachtaireacht a bhí beartaithe leis na híomhánna seo nuair a foilsíodh iad ag an am?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na híomhánna sin ar an bpobal a chonaic iad?





ÁRAS STAIR NA HEORPA

- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag scaipeadh na n-íomhánna sin ar dhaoine arbh imircigh iad?

Don roinn deiridh den ghníomhaíocht, iarr ar an daltaí póstaer a dhearadh. Póstaer é seo atá in aghaidh idirdhealú agus is ceann é a d'fhéadfaí a chur ar taispeáint in áiteanna poiblí chun cabhrú leis an bpobal i gcoitinne tuiscint níos fearr a fháil ar chruachás na n-imirceach agus dearcadh níos dearfaí a bheith acu ar na daoine sin.

